

An Garda Síochána



LEABHRAN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA gCUIREANN TÚ IARRATAS ISTEACH

**Comórtas Oscailte le haghaidh Ceapacháin chuig an
bPost mar**

**Chef de Partie
sa Garda Síochána**

HRD_XXX

**Dáta Deiridh: Dé hAoine, 1 Aibreán 2022
Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**

Tá an Garda Síochána tiomanta don bheartas um chomhdheiseanna.

**TEAGMHÁIL: Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an Garda Síochána Teach Áth Luimnigh, Baile
Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Teileafón: 046 903 6376/7/5 nó
HRPD.StaffCompetitions@garda.ie**

THE DIFFERENCE IS YOU

Chef de Partie sa Gharda Síochána

Forbhreathnú ar Choláiste an Gharda Síochána

Is é Coláiste an Gharda Síochána an t-ionad náisiúnta um oiliúint, forbairt agus foghlaim phóilíneachta laistigh de Stát na hÉireann. Is struchtúr campais nua-aimseartha é atá suite thar ocht n-acra. Ar an gcampas, atá ina shaoráid oiliúna cónaithe saintógtha, tá ceithre léachtlann, 17 seomra ranga, áiseanna TF, seomra cúirte bréige, Stáisiún Garda bréige, áiseanna tástála fisiceacha, leabharlann, limistéar staidéir, agus bialann le toilleadh suíocháin do 400 duine. Tá cóiríocht ann do 493 duine agus tá 240 acra breise de thalamh neamhfhorbartha curtha ar fáil le haghaidh cleachtaí oiliúna oirbheartaíochta agus oibríochtúla.

Tuairiscíonn an Chef de Partie don Bhainisteoir Lónadóireachta.

Freagrachtaí an Chef de Partie:

- Biachláir agus rogha an lae a fhorbairt agus a phleanáil;
- Liostaí ullmhúcháin a ullmhú don chúntóir lónadóireachta;
- Tuiscint a bheith aige ar chostáil agus fardal bia;
- Caighdeáin a chothabháil maidir le stóráil bia, sealáíocht, cáilíocht agus cuma;
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis na cuideachtaí ábhartha maidir le horduithe bia;
- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar leibhéal an stoic;
- A chinntiú go gcloítear le gach nós imeachta sláinte agus sábháilteachta sa chistin;
- A chinntiú go gcomhlíontar na cóid agus na rialacháin sláinte is infheidhme;
- Sceidil chothabhála agus ghlantacháin do threalamh agus do limistéir stórála agus oibre a chinntiú;
- Taithí ar lónadóireacht ar scála mór a léiriú;
- Ullmhúchán bia agus cloí go docht le HACCP.

Aon dualgais eile a bhaineann leis an bpost a d'fhéadfadh an Bainisteoir Lónadóireachta a leithdháileadh.

Níl sé i gceist go dtuigfí go bhfuil an cur síos ar an bpost thuas ina liosta cuimsitheach de na dualgais go léir atá i gceist agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh ar shealbhóir an phoist dualgais eile a chomhlíonadh de réir mar is cuí don phost a d'fhéadfaí a shannadh dó/di ó am go chéile agus chun rannchuidiú le forbairt an phoist agus é in oifig.

Ceanglais Riachtanacha:

- Ar dáta deiridh an iarratais, ní mór d'iarratasóirí dámhachtain Cócaireachta ar Leibhéal 6 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a bheith acu **nó** a choibhéis arna chothabháil ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) **nó** cáilíocht choibhéiseach bheith bainte amach acu ó dhlínse eile
- Teastas i mBainistiú Sláinteachais Bia agus/nó Deimhniú HACCP
- Taithí 2 bhliain ar a laghad sa tionscal caifé, óstán nó bialann mar chócaire
- Cumas chun iltasc a dhéanamh agus oibriú mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach
- Scileanna láidre eagrúcháin agus bainistíochta ama

- Scileanna ríomhaire

Má theipeann ort cóipeanna den fhianaise dhoiciméadach arna iarraidh sin, mar atá sonraithe thuas, a chur ar fáil le d'iarratas, measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí agus dícháileofar é mar sin.

Aois

Ar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais don phost seo, is iad seo a leanas na ceanglais incháilitheachta maidir le haois;

- is é 18 mbliana d'aois an ceanglas aoise íosta d'iarratasóirí ionchasacha;
- beidh an ceapaí ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, mar a shainítear in Acht na bPinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 . Faoin Scéim, tá scor éigeantach ar shroicheadh 70 bliain d'aois.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtabharfar le tuiscint le cead isteach chuig an comórtas go gcomhlíonann sé nó sí na critéir incháilitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.

Pá

Tá ráta pá an PPC don phost mar Chef de Partie, amhail agus ón 1 Feabhra 2022 mar seo a leanas:

638.60, 671.02, 696.02, 727.14, 757.31, 798.17, 827.42, 856.67, 878.50, 903.10, 931.89
LSI1 LSI2

Bíonn feidhm ag an ráta pá PPC nuair a éilítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéime ar mhalairt air sin) de réir rialacha a bpríomhscéime/scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim do Chéilí agus Leanaí, nó do na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). D'fhéadfadh ráta difriúil a bheith i bhfeidhm i gcás nach gá don cheapaí Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc. D'fhéadfadh incrimint seirbhíse fada a bheith iníoctha tar éis seirbhíse sásúla ar an uasteorainn den scála.

Nóta Tábhachtach:

Íocfar na híocaíochtaí i riaráistí ar bhonn **seachtainiúil** trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de rogha an fhostaithe. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bhainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil don Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co na Mí C15 ND62 Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Sláinte

Sula nglacfar leis/léi mar oiriúnach don cheapachán, ní mór don cheapaí critéir áirithe a shásamh lena n-áirítear oiriúnacht i leith sláinte. Tá sé de dhualgas ar an té a cheapfar a oiriúnacht a dhearbhu, chomh fada agus is eol dó agus mar a chreideann sé, maidir lena stádas sláinte, agus i ndáil leis sin, iarrfar ar an té a cheapfar ráiteas féindearbhair sláinte a chomhlánú. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh míráiteas ar bith, ráitis neamhiomlána agus/nó dearbhuithe bréagacha an ceapaí a dhícháiliú ón gcomórtas agus/nó go bhfoirceannfar a cheapachán/fostaíocht sa phost go hachomair.

Suíomh

Tá an post atá le líonadh faoin gcomórtas seo le bheith lonnaithe i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, Mana Theas, Co. Thiobraid Árann.

Tionacht

Tá an ceapachán seo chuig post neamhbhunaithe mar Chef de Partie. Is post lánaimseartha neamhbhunaithe é seo.

Uaireanta freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile, faoi láthair is ionann iad agus 39 uair glan, in aghaidh na seachtaine, Luan go hAoine. Ina gcumhdaítear sealanna idir 8rn - 8in.

Saoire Bhliantúil

Déantar soláthar na saoire bliantúla d'fhostaithe de chuid an Stáit Thionscail a chaighdeánú ag 25 lá, Aoine an Chéasta san áireamh

Dualgais

Iarrfar ort aon dualgais a chomhlíonadh a fhéadfar a shannadh duit ó am go ham. Ní fhéadfaidh an tú dul i mbun cleachtais phríobháidigh ná ní fhéadfaidh tú bheith bainteach le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgais oifigiúla.

NÓTA GINEARÁLTA – beidh ar an iarratasóir/na hiarratasóirí rathúla dul faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula gcuirfidh sé/sí tús leis an bhfostaíocht

Ní mór d'iarratasóirí na nithe seo a leanas a chur isteach lena bhfoirm iarratais:

- Cóip dá ndeimhnithe oiliúna agus cáilíochtaí ábhartha;
- Cóip shoiléir dá Cheadúnas Tiomána nó pas; (riachtanach chun an bunriachtanas incháilitheachta a fhíorú, chun aois a fhíorú i leith na dteorainneacha aoise agus chun aitheantas a fhíorú má éiríonn leis an gceapachán)
- Cóip shoiléir dá Chead Fostaíochta, más infheidhme. (Ní mór do náisiúnach neamh-LEE, mura bhfuil sé díolmhaithe, cead fostaíochta a bheith aige/aici chun oibriú in Éirinn). Mura gcuirtear an fhianaise dhoiciméadach sin ar fáil nuair a iarrtar í, féadfar dícháiliú a bheith mar thoradh uirthi

FÓGRA TÁBHACHTACH

Léirítear sa mhéid thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus ní mheastar gur liosta cuimsitheach é de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar síos sa chonradh fostaíochta a bheidh le haontú leis an iarrthóir rathúil/iarrthóirí rathúla.

Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin

Conas iarratas a dhéanamh

Cuir do spéis in iúl tríd an iarratas a chomhlánú agus a chur isteach chuig Coláiste.HR@garda.ie

Cuir isteach le do thoil **Chef De Partie** agus d'ainm iomlán in ábhar do ríomhphoist.

NÓ

Seol chuig an Oifig AD, Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann.

Dáta Deiridh

Is é an dáta deiridh d'iarratasóirí **5in ar an Aoine, 1 Aibreán, 2022**

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

Cumarsáid

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-eiseofar gach cumarsáid a bhaineann leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear torthaí a sholáthar, trí ríomhphost amháin. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go gcuirtear seoladh bailí ríomhphoist agus sonraí teagmhála ar fáil ar a n-iarratas agus ba cheart dóibh an seoladh ríomhphoist sin a sheiceáil go rialta.

Gearrliostú

De ghnáth bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais don todhchaí maidir leis an bpost a líonadh. Cé go bhféadfadh sé go gcomhlíonann iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais, má tá an líon atá ag déanamh iarratas ar an bpost ar dhóigh a fhágann nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Garda Síochána cinneadh a dhéanamh go nglaofar ar líon níos lú d'iarrthóirí chun an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Maidir leis seo, déanann an Garda Síochána foráil maidir le próiseas gearrliostaithe a fhostú chun grúpa a roghnú ar cosúil gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach nó nach bhfuil sé ar a gcumas tabhairt faoin bpost, ach in ionad sin is cosúil go bhfuil roinnt iarrthóirí atá, níos incháilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Féadfaidh na critéir riachtanacha agus inmhianaithe a shonraítear don phost a bheith san áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin is ar do mhaitheasa féin é cuntas mionsonraithe agus cruinn a sholáthar faoi do cháilíochtaí/ thaithí i d' iarratas.

Dearbhú:

Iarrfar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir nó de chuid na Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Iarrfar freisin ar iarrthóirí dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíochtaí ar shochar pinsin de chuid na Seirbhíse Poiblí (i bhfoirm íocaíochta nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó i gcás ina bhfuair siad 'íocaíocht in ionad' maidir le seirbhís in aon fhostaíocht de chuid na Seirbhíse Poiblí.

Faisnéis thábhachtach eile

Faisnéis Ghinearálta

Ní bheidh an Garda Síochána freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarratasóirí a aisíoc.

Tairgfear poist in ord na n-iarrthóirí sin a bhaineann na háiteanna is airde amach san ord fiúntais foriomlán a dhréachtaítear tar éis na n-agallamh, i.e. tabharfar post do na hiarrthóirí leis an rangú is airde, ar a seal.

Má ghlactar le duine ar chomórtas, nó má thugtar cuireadh chun freastal ar agallamh, níor cheart go dtuigtear go bhfuil an Garda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ón bpost.

Sula molfaidh sé aon iarrthóir le ceapadh sa phost seo déanfaidh an Garda Síochána gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach m.sh. sláinte, carachtar, tagairtí fostóra, seiceálacha slándála lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, nó aon fhiosrúcháin eile a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

Ceapacháin ó phainéal

Bunófar painéal as a ndéanfar coinne agus óna bhféadfar folúntais a líonadh amach anseo. Ní ráthaíocht go gceapfar post í cáilíocht agus socrúchán ar phainéal. Fanfaidh an painéal i bhfeidhm ar feadh ré dhá bhliana.

Tréimhse Phromhaidh

Beidh an ceapachán faoi réir tréimhse phromhaidh 12 mhí a d'fhéadfaí a fhadú i gcúinsí áirithe. Beidh leanúint den fhostaíocht sa phost, nuair a cheaptar é, faoi réir riachtanais an phoist a chomhlíonadh go sásúil agus na dualgais a chomhlíonadh mar a ordáítear.

Iarrthóireacht a mheas le haistarraingt

Maidir le hiarratasóirí nach bhfreastalaíonn i gcomhair agallaimh nuair a iarrtar orthu agus san áit a iarrtar orthu, nó nach dtugann, nuair a iarrtar orthu, fianaise dá leithéid a sholáthar, de réir mar a éilítear uirthi maidir le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh breise acu d'fhonn breithniú a dhéanamh uirthi ina leith.

Tairiscint cheapacháin a dhiúltú

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar le haghaidh ceapacháin nó, tar éis é a ghlacadh, é a scor nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le haghaidh ceapacháin bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Rúndacht

Féadfaidh iarrthóirí a bheith ag súil go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí mar rún daingean faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Baintear míreanna faisnéise áirithe, nach mbaineann go sonrach le haon duine, ó thaifid ríomhaire chun críocha staitistiúla ginearálta.

Úsáid Trealamh Thaifeadta

Ní cheadaíonn Garda Síochána aon chineál trealamh taifeadta neamhúdaraíthe a úsáid ar a áitreabh. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus le haon chineál taifeadta pictiúr nó físe, cibé acu taifeadadh fuaime a áireamh nó nach ea, agus cumhdaítear ann aon chineál gléis a úsáidtear chun na críocha seo. Ní mór d'aon duine ar mian leis an trealamh sin a úsáid chun aon cheann de na críocha seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideacht na foirne agus na gcustaiméirí agus sláine ár n-ábhar measúnaithe agus ár bpróisis mheasúnaithe a chosaint. Is sárú ar an mbeartas seo úsáid neamhriachtanach de threalamh taifeadta ag duine ar bith. D'fhéadfaí aon iarrthóir a raibh baint aige le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaidh sé a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin), 2004.

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) & an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a sholáthraíonn iarrthóirí a phróiseáil ach chun na gríoch a shonraítear sa doiciméad seo, agus laistigh de bhunús dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018.

Cuirfear na bearta riachtanacha go léir i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte, agus nach bpróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha. Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun an cuspóir a bhfuarthas iad a bhaint amach.

Canbhasáil

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil cosc ar an méid seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach:

- Canbhasáil maidir leis an bpróiseas;
- Iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den próiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh aon duine maidir leis an bpróiseas; nó
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó é a chomhréiteach.